# Jonathan Pim (1806-1885)

Daonchara agus ball de Chumann na gCarad é Jonathan Pim a mhair sa naoú haois déag agus a chabhraigh go mór leis na bochtáin in Éirinn i rith an Ghorta Mhóir.



# Jonathan Pim (1806-1885)

Féach ar an bhfíseán faoi Jonathan Pim agus faigh amach an bhfuil na habairtí seo a leanas Fíor nó Bréagach. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.

| | | |
|---|---|---|
| Tharla an Gorta Mór in Éirinn sna 1840idí | **F** | |
| Teip an tráta ba chúis leis an nGorta Mór | | |
| Cailleadh thart ar mhilliún duine in Éirinn i rith an Ghorta Mhóir | | |
| Caitliceach ba ea Jonathan Pim | | |
| Cheap go leor daoine i Rialtas na Breataine nár cheart cabhrú le muintir na hÉireann in am a ngátair i rith an Ghorta Mhóir | | |
| Bhí cáil ar na Caecair in Éirinn mar fhostaithe maithe | | |
| Bhailigh Jonathan Pim airgead ó Chaecair thar lear le cabhrú leis na daoine ba bhoichte in Éirinn i rith an Ghorta Mhóir | | |
| Ní raibh Pim ag iarraidh go bhfanfadh Éire mar chuid den Ríocht Aontaithe | | |
| Níor toghadh riamh é ina theachta parlaiminte | | |
| Dream amháin Éireannach ar chabhraigh Pim go mór leo ná na feirmeoirí | | |
| Bhí gluaiseacht an Rialtais Dúchais ag éirí níos láidre sna 1870idí nuair a chaill Pim a shuíochán parlaiminte | | |

# Jonathan Pim (1806-1885)

## Anois, léigh an léamhthuiscint seo faoi na Caecair agus an Gorta Mór agus freagair na ceisteanna a ghabhann léi.

Bhí Gorta Mór in Éirinn sna 1840idí nuair a theip ar fhómhar an phráta cúpla bliain i ndiaidh a chéile. Ó Mheiriceá Láir ar dtús agus ansin ón Éoraip a tháinig an dúchan seo chun na hÉireann. Ba é an práta an príomhbhia a bhí ag formhór mór de mhuintir na hÉireann go háirithe sna ceantair tuaithe agus in iarthar na tíre. Nuair a bhí ag teip ar an bpráta mar sin bliain i ndiaidh bliana tubaiste ollmhór a bhí i ndán do lear mór daoine ar fud na tíre. Ba bheag cúnamh a chuir Rialtas na Breataine ar fáil sna blianta luatha den tubaiste toisc gur chreid baill áirithe sa Rialtas go socródh géarchéim na bochtaineachta í féin in Éirinn dá bhfanfadh an Rialtas amach ar fad as cúrsaí.

Easnamhach, mar sin, a bhí cabhair Rialtas na Breataine ach ní fhéadfaí é sin a rá faoi Chaecair na hÉireann. Mionlach reiligiúnach ba ea Cumann na gCarad nó na Caecair in Éirinn sa naoú haois déag. Ba sna bailte móra agus sna cathracha na háiteanna ba mhó a raibh na Caecair ag cur fúthu. Ceaptar go raibh thart ar 4,000 Caecar ina gcónaí ar fud an oileáin ag tús an naoú haois déag. Daoine gnó agus tráchtála, den chuid is mó, a bhí sna Caecair. Bhí dea-cháil orthu as a gcuid macántachta agus cothroime ó thaobh chúrsaí gnó de.

Sa bhliain 1846 bhunaigh na Caecair Coiste Fóirithinte le cabhrú leis na daoine ba mhó a bhí buailte ag an nGorta Mór. Ba iad Jonathan Pim agus Joseph Bewley a bhí i bhfeighil an choiste. Rinne an Coiste seo an t-uafás ar son na mbochtán ón mbliain 1846 i leith. Chuir siad an-chuid tithe anraith ar fáil do na bochtáin a bhí ag fáil bháis leis an ocras. I gCathair na Mart, Contae Mhaigh Eo agus sa Sciobairín, Contae Chorcaí, a bhí dhá cheann de na tithe anraith a chuir na Caercair ar fáil do na bochtáin. Bhí an-chuid daoine ag fulaingt go mór i Maigh Eo agus i gCorcaigh i rith na tréimhse seo. Chomh maith leis na tithe anraith, thug na Caecair min arbhair amach do na daoine bochta, bhailigh siad raidhse airgid ó

# Jonathan Pim (1806-1885)

Chaecair i Meiriceá agus i Sasana agus chabhraigh siad le feirmeoirí beaga bochta iad féin a chur ar a gcosa arís. Chabhraigh na Caecair le gach saghas duine i rith an Ghorta Mhóir beag beann ar chreideamh an duine. Anuas air sin, níor impigh siad ar aon duine iompú ar a gcreideamh féin d’fhonn bia a fháil agus chuaigh sé sin i bhfeidhm go mór ar na daoine ar chabhraigh na Caecair leo. Thuill siad meas na ndaoine de bharr na n-iarrachtaí seo ar fad agus mar sin cuimhnítear fós ar an gcabhair a thug na Caecair do bhochtáin na hÉireann in am an ghátair i lár an naoú haois déag.

Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Jonathan Pim (1806-1885)

## Gluais:

an dúchan = an galar a bhí ar na prátaí, rud a chiallaigh nach raibh siad inite
mionlach reiligiúnach = grúpa beag daoine a bhfuil an creideamh céanna acu
tráchtáil = ag díol agus ag ceannach earraí
cothroime = cothrom na féinne a thabhairt do gach duine
coiste fóirithinte = grúpa cúnaimh
tithe anraith = foirgnimh a raibh anraith á thabhairt amach iontu
min arbhair = saghas bia a tugadh do na bochtáin in Éirinn i rith an Ghorta Mhóir
iompú = casadh

## Anois, freagair na ceisteanna seo a leanas i do chóipleabhar.

1. Cén planda ar theip air in Éirinn sna 1840idí?
2. Cad as ar tháinig an galar nó an dúchan ar dtús a bhí ar na prátaí?
3. Cén fáth nach bhfuair muintir na hÉireann aon chabhair ó Rialtas na Breataine i mblianta luatha an Ghorta Mhóir?
4. Cá raibh formhór na gCaecar ina gcónaí in Éirinn sa naoú haois déag?
5. Cén fath a raibh dea-cháil ar na Caecair?
6. Cad a bhunaigh na Caecair sa bhliain 1846?
7. Déan cur síos ar dhá shaghas cabhrach a chuir na Caecair ar fáil do na bochtáin i rith an Ghorta Mhóir.
8. Ainmnigh áit amháin a raibh teach anraith ag na Caecair.
9. Breac síos cúis amháin a gcuimhnítear fós in áiteanna in Éirinn ar an gcaoi ar chaith na Caecair leis na bochtáin i rith an Ghorta Mhóir.
10. Fiosraigh ar líne saol Caecair amháin i do cheantar féin. Breac síos cúig fhíric faoin duine áirithe seo.

# Jonathan Pim (1806-1885)

Anois agus ceisteanna na léamhthuisceana freagartha agat meaitseáil na habairtí seo a leanas ar chlé lena míniú ar dheis. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.

| | |
|---|---|
| Na Caecair | Príomh-Airí na Breataine i rith thréimhse an Ghorta Mhóir |
| An Gorta Mór | an líon daoine a mheastar a cailleadh i rith an Ghorta Mhóir |
| Sir Robert Peel agus Lord John Russell | cathracha móra Mheiriceá a ndeachaigh líon mór daoine as Éirinn ar imirce chucu |
| Tithe anraith | an gníomh a rinne an-chuid Éireannach le héalú ó thubaiste an Ghorta Mhóir ina dtír dhúchais |
| imirce | blianta an Ghorta Mhóir in Éirinn |
| min arbhair | Caecar a chabhraigh go mór le bochtáin na hÉireann i rith an Ghorta Mhóir |
| milliún duine | mionlach reiligiúnach in Éirinn a rinne an-chuid ar son na mbochtán i rith an Ghorta Mhóir |
| 1845-52 | foirgnimh a gcuirtí anraith ar fáil do bhochtáin iontu |
| laissez-faire | tubaiste ollmhór a tharla i lár an naoú haois déag |
| Jonathan Pim | polasaí eacnamaíochta Rialtas na Breataine i rith na tréimhse seo |
| Nua-Eabhrac, Bostún, Chicago | an saghas bia a thugtaí amach do na bochtáin chun iad a choinneáil beo |

# Jonathan Pim (1806-1885)

Seo a leanas dhá fhíric stairiúla faoin méid a thit amach do na Caecair in Éirinn sna blianta tar éis an Ghorta Mhóir.

1. Tháinig laghdú ar phobal Chumann na gCarad in Éirinn tar éis an Ghorta Mhóir. Chuaigh an-chuid díobh ar imirce, cosúil le Caitlicigh na tíre, go Meiriceá agus go Sasana. Faoi thús an fhichiú haois meastar nach raibh ach thart ar 3,500 Caecar in Éirinn.
2. D'éirigh go maith le roinnt mhaith ball Chumann na gCarad ó thaobh chúrsaí gnó de. Gnónna a raibh Caecair i bhfeighil orthu ba ea cuid de na gnónna ba rathúla agus ba mhó in Éirinn sa naoú haois déag agus san fhichiú haois. Mar shampla, Bewleys (gnó tae agus caife), Jacobs (gnó briosca) agus Goodbody (gnó baincéireachta agus airgeadais).